Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Zoom - Treoir Mhearthosaithe do Mhúinteoirí

## Réamhrá

Seirbhís is ea Zoom a chuireann ar ár gcumas nascadh agus cumarsáid a dhéanamh san fhíor-am. Tá dhá bhealach le rochtain a fháil air.

- Tríd an bhFeidhmchlár Zoom
- Trí bhrabhsálaí idirlín

Chun an t-eispéireas is fearr a fháil ar Cnuascheardlann Ar Líne JCT, is é **Feidhmchlár Zoom** an bealach is fearr. Sa doiciméad seo, déanaimid tagairt don bhfeidhmchlár mar **Cliant** (*'Client'*). Ní gá cuntas a bheith agat le húsáid a bhaint as Zoom. Ní gá duit ach an feidhmchlár a íoslódáil (*Zoom Client*). Is féidir é seo a dhéanamh go héasca trí chliceáil ar an nasc Zoom a chuirtear chuig do sheoladh r-phoist agus na treoreacha a thugtar sa roinn '***Join Link***' thíos a leanúint. Ba chóir duit é seo a dhéanamh ar do ríomhaire glúine nó ar an ngléas (nó na gléasanna) a bheidh in úsáid agat ar an gCnuaslá Ábhar.

## Téarmaíocht

- **Zoom WebApp** – Zoom nuair a bhaintear úsáid as tríd an suíomh gréasáin (i mbrabhsálaí m.sh. Chrome, Safari, etc.), tabhair faoi deara go bhfuil neart de na gnéithe a chuireann Zoom Client ar fail nach bhfuil ar fáil sa Zoom WebApp.
- **Zoom Client** – Seo é an feidhmchlár Windows/Mac. Seo é an leagan is fearr le húsáid.


## Dul isteach i gcruinniú


### *Clárú*

- Seiceáil do bhosca isteach r-phoist dod' chuireadh le clárú le Zoom, cliceáil ar an nasc.
- Seolfar tú chuig leathanach clárúcháin – cuir isteach d'ainm agus do shloinne, agus do sheoladh r-phoist scoile. Ansin cliceáil ar **Register.**
- Seolfar tú chuig leathanach a léiríonn do nasc comhcheangail, agus naisc do chomhtháthú féilire más mian leat iad a úsáid.
- Seolfar an nasc **Join (Comhcheangail)** freisin chuig do bhosca isteach. Cliceáil air nuair atá tú réidh le dul isteach sa cheardlann. Is féidir leat clárú roimh an ócáid.
- NÓTA: Ní gá duit cuntas Zoom a bheith agat, is leor an nasc **Join**.

### *An nasc comhcheangail (Join)*

- Cliceáil ar an nasc **comhcheangail**, ar an leathanach atreoraithe ón gcéim dheiridh nó ó do r-phost
- Déanfar tú a atreorú go suíomh gréasáin Zoom agus fiafrófar díot 'Open Zoom Meetings?'. Cliceáil ar an gcnaipe **Open Zoom**.
- Más rud é go bhfuil Zoom suiteáilte cheana, cliceáil ar **Launch Meeting**.
- Más rud é nach bhfuil Zoom suiteáilte cheana, cliceáil ar **Download now** chun íoslódáil.
- Cliceáil ar an gcnaipe 'Zoom installer' sa chúinne ar chlé ag bun do bhrabhsálaí.
- Rithfidh an suiteálaí agus ansin dúnfaidh sé.
- Is féidir leat anois cliceáil ar **Launch meeting** ón suíomh gréasáin Zoom. Ní gá duit logáil isteach go cuntas Zoom.
- Roghnaigh **Use computer audio** má thugtar nod duit.
- Fan go scaoilfidh an t-óstach isteach sa chruinniú tú.
-





### *Android / iOS*


- Seiceáil do r-phoist don nasc Zoom **join**; cliceáil ar an nasc.
- Más rud é nach bhfuil Zoom suiteáilte cheana, roghnaigh le hoscailt leis an aip Zoom.
- Más rud é nach bhfuill Zoom suiteáilte, déanfar tú a atreorú chuig suíomh gréasáin Zoom agus iarrfar ort suiteáil ó Zoom nó on app store/google play. <u>Roghnaigh an app store/google play</u>.
- Roghnaigh **Download**.
- Nuair a bheidh Zoom suiteáilte, oscail do r-phoist arís agus cliceáil ar an nasc.
- Roghnaigh le hoscailt le Zoom.
- Roghnaigh Call over internet.
- Fan go scaoilfidh an t-óstach isteach sa chruinniú tú.

- **NÓTA**: Ní gá duit cuntas a bheith agat le dul isteach i gceardlann, díreach suiteáil Zoom ar do PC/Mac nó fón, ansin cliceáil an nasc **join** san r-phost a chuirtear chuig do bhosca isteach.










## Rochtain ar shocrúcháin

### *Zoom client (Feidhmchlár PC agus Mac)*

- <u>Ón scaileán baile</u>: Cliceáil ar an **roth fiaclach** ag barr ar dheis.
- <u>Sa chruinniú</u>: Cliceáil ar an **sciath ghlas** ag barr ar chlé, ansin ar an roth fiaclach ar barr ar dheis san fhuinneog a osclaítear

### *Android / iOS*

- <u>On scáileán baile</u>: Cliceáil ar an gcnaipe **Settings** (**Socrúcháin)** ag bun ar dheis.
- <u>Sa chruinniú</u>: Tapáil an scáileán chun cnaipí a thaispeáint. Cliceáil ar an gcnaipe **More** ag bun ar dheis. Ansin cliceáil ar **Socrúcháin Chruinnithe** (**Meeting Settings)**.

### *WebApp*

- Ní chuireann WebApp na socrúcháin chéanna ar fáil. Íoslódáil Zoom Client ina áit sin.